

An Chairt Raidió Pobail don Eoraip

Ag aithint gur bealach idéalach é raidió pobail chun saoirse tuairimíochta, cainte agus faisnéise a spreagadh, chun forbairt chultúir a spreagadh, saoirse a chruthú chun tuairimí a bhunú nó easaontú le tuairimí eile, agus chun rannpháirtíocht ghníomhach sa saol áitiúil a chur chun cinn; ag tabhairt faoi deara go bhfuil de thoradh ar chultúir agus ar thraidisiúin éagsúla go mbíonn éagsúlacht ann sna múnlaí raidió pobail éagsúla gurb ann dóibh; aithníonn an Chairt seo spriocanna gur chóir do stáisiúin raidió pobail a roinnt agus gur chóir dóibh iarracht a dhéanamh iad a bhaint amach.

Déanann stáisiúin raidió pobail :

1. An ceart chun cumarsáid a dhéanamh a chur chun cinn, tacaíonn siad le saorshreabhadh faisnéise agus tuairimí, spreagann siad féin-chur-in-iúl cruthaitheach agus cuireann siad leis an bpróiseas daonlathach agus sochaí iolraíoch;
2. rochtain ar áiseanna oiliúna, léiriúcháin agus dáileachán a sholáthair; spreagann siad tallann chruthaitheach áitiúil agus cothaíonn siad traidisiúin áitiúla agus soláthraíonn siad cláir ar mhaithe le leas, siamsaíocht, oideachas agus forbairt a gcuid éisteoirí;
3. déanann siad iarracht struchtúir úinéireachta a bheith acu atá ionadaíoch ar phobail áitiúla atá sainaitheanta ar bhonn tíreolaíochtúil, nó ar bhonn pobail chomhleasa nó sainspéise;
4. bíonn neamhspleáchas eagarthóireachta acu ó rialtais, institiúidí tráchtála agus reiligiúnacha, agus páirtithe polaitiúla, maidir lena bpolasaí cláir a shocrú;
5. soláthraíonn siad rochtain mar cheart do mhionlaigh agus grúpaí imeallaithe agus cosnaíonn agus cuireann siad chun cinn éagsúlacht chultúrtha agus teanga;
6. déanann siad iarracht eolas agus fíoras atá ionraic a thabhairt dá n-éisteoirí ar an mbonn go bhfuil sé bunaithe ar éagsúlacht agus ar ilchineálacht fhoinsí agus soláthraíonn siad ceart freagartha do dhuine nó d'eagraíocht atá faoi réir mhífhaisnéis thromchúiseach;
7. bíonn siad bunaithe mar eagraíochtaí nach ann dóibh ar mhaithe le brabús agus a chinntíonn a neamhspleáchas trína bheith maoinithe trí fhoinsí éagsúla;
8. tugann siad aitheantas agus meas don méid a dhéanann oibríthe deonacha, aithníonn siad an ceart atá ag oibríthe íoctha ballraíocht a ghlacadh i gceardchumann agus cuireann siad coinníollacha oibre sásúla ar fáil don dá dhream;
9. feidhmíonn siad le cleachtais bhainistíochta, cleachtais chláir/chraolacháin agus cleachtais fostaíochta a chuireann i gcoinne leithcheal agus atá oscailte agus freagrach do na tacadóirí, na baill foirne agus na hoibríthe deonacha go léir;
10. cothaíonn siad malairt tuairimí idir chraoltóirí raidió pobail ag baint úsáid as cumarsáid chun tuiscint níos fearr a fhorbairt a thacaíonn le síocháin, caoinfhulaingt, daonlathas agus forbairt.

Arna aontú ar 18 Meán Fómhair 1994 i Ljubljana, an tSlóivéin ag an chéad Chomhdháil Raidió Pobail AMARC Pan-Eorpach.